Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2008*

# *Grafaic Theicniúil*
## *Ardleibhéal*
## *Roinn A*
*(120 marc)*

## *Dé Luain, 16 Meitheamh*
## *Maidin 9:30 - 12:30*

| Uimhir an Ionaid |
|---|
| |

*Treoracha*

*(a)* *Freagair* ***deich gceist ar bith*** *sna spásanna atá ann dóibh. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.*

*(b)* *Ní mór na línte tógála uile a thaispeáint go soiléir.*

*(c)* *Tá na toisí uile ina milliméadair.*

*(d)* *Ní mór an leabhrán seo a thabhairt ar ais i ndeireadh an scrúdaithe.*

*(e)* *Scríobh do Scrúduimhir go soiléir sa bhosca atá ann di thíos agus ar gach bileog bhreise a úsáideann tú.*


| Ceist | Marc |
|---|---|
| Roinn A | |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| IOMLÁN | |
| GRÁD | |

***Scrúduimhir*:** 

**ROINN A**. Freagair **deich gceist** ar bith. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.


**1.** Líon isteach an lipéad do gach solad, trí rogha a dhéanamh as an liosta thíos.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ciúb | Priosma | Cón | Pirimíd |




**1.** ____________ **2.** ______________ **3.** _____________ **4.** _____________


**2.** Taispeántar bonnchló, ingearchló agus sceitse beag de choimeádán deisce oscailte. Tarraing forbairt taobhanna an choimeádán deisce.
***Nóta:*** *Ní gá an bonn a chur san áireamh.*



**3.** Taispeánann an fhíor líníocht neamhiomlán pheirspictíochta de ríomhaire glúine. Críochnaigh an líníocht pheirspictíochta den ríomhaire glúine.




**4.** Taispeántar ingearchló, bonnchló agus taobhchló de phlocóid ar an ngreille chearnógach. Críochnaigh an sceitse pictiúrtha den phlocóid.
Cuir dath **nó** scáth ar an sceitse críochnaithe.



**5.**

Críochnaigh ingearchló an mhéar bhóthair a thugtar ina suíomh rothlaithe, mar a thaispeántar leis an líne bhriste sa bhonnchló.




**6.** 5 aonad ó chéile atá na marcanna ar na haiseanna X agus Y.

Tarraing an triantán **ABC** agus bain úsáid as na comhordanáidí seo a leanas:

**A (5, -20)**

**B (-15, 15)**

**C (20, -10)**




**7.**

Taispeánann an fhíor cuid de hanla siosúir.

Taispeántar láir na stuanna.

Taispeáin go soiléir na pointí teagmhála go léir.




**8.**


Taispeántar ingearchló agus bonnchló luamhán stiúrtha ríomhaire.

Tarraing **sceitse pictiúrtha saorláimhe** den luamhán stiúrtha sa spás atá curtha ar fáil.

Cuir dath **nó** scáth ar do sceitse.




**9.** Liostaigh na horduithe CAD a úsáidtear chun eagarthóireacht a dhéanamh ar an bhfíor mar a léirítear sa seicheamh thíos í.



**Orduithe CAD:** _______________ _______________ _______________


**10.**




Taispeánann an sceitse thuas dearadh de bhrac le haghaidh ciseán crochta.

Críochnaigh an chuid den bhrac a tháispeántar i **bhFíor 1** trí thadhaill a tharraingt ó **A** go **B**.

Taispeán na tógálacha go léir.





**Fíor 1**

**11.**

Scríobh síos méid na n-uillinneacha marcáilte **A** agus **B**.

**A =** ____________

**B =** ____________





**12.**

Taispeánann an fhíor bonnchló agus ingearchló liathróid peile.

Taispeántar suíomh na comhla **P** sa bhonnchló.


Aimsigh suíomh na comhla san ingearchló.



**13.**


Taispeánann an fhíor bonnchló agus ingearchló de bhloic adhmaid shúgartha.


Teilg ingearchló cúnta de na bloic ar an líne $\mathbf{X_1\,Y_1}$ a thaispeántar.




**14.** Taispeánann an fhíor seol triantánach **abc** de bhád. Taispeántar freisin sceitse beag den bhád.

Tarraing seol dronuilleogach atá ar comhachar leis an seol triantánach **abc**. Taispeáin na línte tógála go léir.







**15.**

Taispeánann an fhíor cothromóir grafach aimplitheoir ceoil a thomhaiseann i ndeicibeileanna (dB).

Cuir scáth ar an bhfíor chun na leibhéil deicibeil seo a leanas a chur in iúl:

**A** - 20 dB
**B** - 70 dB
**C** - 40 dB
**D** - 80 dB



Leathanach Bán

Leathanach Bán